Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12660/19

LIMITE

PECHE 415
CADREFIN 333
CODEC 1437

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0210(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (CEMI)<br>– Cur chuige ginearálta páirteach |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuireadh an togra seo faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 18 Meitheamh 2018.

2. Caithfear togra CEMI a mheas i gcomhthéacs an togra ón gCoimisiún don chreat airgeadais ilbhliantúil do 2021-2027 (CAI)[1] agus an togra ón gCoimisiún lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir leis na cistí cothrománacha (Rialachán na bhForálacha Coiteanna)[2].

[1] Togra an Choimisiúin don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 (COM(2018) 321 final); COM(2018) 322 final); COM(2018) 323 final); COM(2018) 324 final).

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin, agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, COM/2018/375 final – 2018/0196 (COD).

3. Is é is aidhm do CEMI cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Chomhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí comhtháite an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh i dtaca le rialachas aigéan. De réir na teachtaireachta CAI, leanfaidh CEMI nua, amhail an ceann reatha, de bheith ina ionstraim thábhachtach chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí CBI; is é sin go háirithe, earnáil iascaigh inbhuanaithe de chuid an Aontais agus tacaíocht le haghaidh pobail chósta a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaigh. Lena chois sin, beidh sé go fóill ina uirlis luachmhar d'fhonn an gheilleagair ghoirm san iascach agus dobharshaothrú a chur chun cinn, ag tacú dá réir sin le fás agus le poist a chruthú, agus an mhuirthimpeallacht a chosaint san am céanna.

PUBLIC

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún a dtuairimí uathu an 12 Nollaig 2018 agus an 16 Bealtaine 2018 faoi seach.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 4 Aibreán 2019[3].

6. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta páirteach ar an 18 Meitheamh 2019[4]. Sa chur chuige ginearálta páirteach sin, cuireadh ar leataobh gach ar bhain leis an CAI (forálacha idir lúibíní) agus le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (Airteagail 54, 55 agus 56) chomh maith le hAirteagal 52 maidir le gníomhartha tarmligthe agus táscairí toraidh (Airteagail 37, 48 agus Iarscríbhinn I).

7. Ar an 11 Iúil 2019, chuir an Uachtaránacht faoi bhráid na Meithle um an mBeartas Inmheánach Iascaigh treoracha le haghaidh comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis an ailíniú le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis na táscairí toraidh agus leis na gníomhartha tarmligthe.

8. Scrúdaíodh an comhréiteach sin sa Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh. Ar bhonn an phlé a rinneadh agus ar bhonn na dtuairimí i scríbhinn a chuir na toscaireachtaí ar aghaidh[5], rinneadh scrúdú ar roinnt comhréiteach athbhreithnithe ón Uachtaránacht[6] sa Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh ag na cruinnithe a bhí aici an 17 Iúil 2019, an 12 Meán Fómhair 2019, an 26 Meán Fómhair 2019 agus an 3 Deireadh Fómhair 2019. Tacaíodh go forleathan leis an gcomhréiteach deiridh ón Uachtaránacht ag cruinniú na Meithle an 3 Deireadh Fómhair 2019.

---

[3] Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, PE 625.439v03-00, A8-0176/2019.

[4] doc. 10297/19 ADD 1.

[5] WK 8213/2019 ADD 1-14, WK 8478/2019 ADD 1-11, WK 9418 ADD 1-6.

[6] WK 8478/2019, WK 9418/2019, WK 10216/2019,.

## II. COMHRÉITEACH NA hUACHTARÁNACHTA i nDÁIL LE ROINNT SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS LE RÉITEACH DO CHUR CHUIGE GINEARÁLTA PÁIRTEACH[7]

PUBLIC

9. Baineann príomhábhair an chomhréitigh ón Uachtaránacht leis na pointí seo a leanas:
   a) Uasteorainn an imchlúdaigh airgeadais a fhéadfaidh an Coimisiún a úsáid do chúnamh teicniúil (Airteagal 8(2)):

      Mhol an Coimisiún uasteorainn 1.7 %. Molann an Uachtaránacht, agus í á cur san áireamh gur mheas líon mór toscaireachtaí go raibh an uasteorainn sin doghlactha, uasteorainn 1.25 %. Tacaíonn an-chuid de na toscaireachtaí leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht. B'fhearr le roinnt toscaireachtaí, mar sin féin, an uasteorainn a choimeád ag 1.1 % ar a mhéad.
   b) Gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe (Airteagal 37):

      Mhol an Coimisiún gníomh tarmligthe chun táscairí Iarscríbhinn I a athbhreithniú nó a chomhlánú agus chun creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú. Molann an Uachtaránacht cumhachtuithe beachtsainithe lena bhféadfadh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na sonraí a chuirfidh an t-údarás bainistíochta ar fáil don Choimisiún agus gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na príomhtháscairí feidhmíochta a fhorlíonadh. Tá tacaíocht leathan faighte ag an gcomhréiteach ón Uachtaránacht sa Mheitheal.
   c) Na táscairí (Iarscríbhinn I):

      Tá roinnt modhnuithe ar an togra ón gCoimisiún sa chomhréiteach ón Uachtaránacht mar gheall ar iarraidh ó thromlach na dtoscaireachtaí. Tá tacaíocht leathan faighte ag an gcomhréiteach ón Uachtaránacht ó na toscaireachtaí.
10. Saincheisteanna eile sa chomhréiteach ón Uachtaránacht baineann siad leis an ualach riaracháin ar thairbhithe agus ar údaráis bhainistíochta a laghdú, chomh maith le hamlínte le haghaidh meastóireachtaí lár téarma agus meastóireachtaí cúlghabhálacha a ailíniú leis na hamlínte a leagtar síos in Airteagal 40 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

[7] Airteagail 8, 37, 37 nua, 48, 48 nua, 52, 54-56 agus Iarscríbhinn I.

## III. CONCLÚIDÍ

11. Iarrtar ar Coreper:

– an comhréiteach ón Uachtaránacht do chur chuige ginearálta páirteach maidir le CEMI i ndáil le hAirteagail 8, 37, 37 nua, 48, 48 nua, 52, 54-56 agus Iarscríbhinn I, mar a leagtar amach in ADD 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhormhuiniú; agus

– a iarraidh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú ar an gcur chuige ginearálta páirteach sin maidir leis na forálacha sin chun an cur chuige ginearálta páirteach a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2019 a chríochnú.

PUBLIC